



Strasbourg, 12.3.2013  
COM(2013) 145 final

2011/0268 (COD)

Togra le haghaidh

**leasú ar Thogra COM(2011) 607/F2 ón gCoimisiún RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT  
NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)  
Uimh. 1081/2006 ón gComhairle**

Togra le haghaidh

**leasú ar Thogra COM(2011) 607/F2 ón gCoimisiún RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT  
NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)  
Uimh. 1081/2006 ón gComhairle**

Leasaítear togra COM(2011) 607 final/2 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) Cuirtear isteach an aithris seo a leanas (6 bis):

'(6 bis) Ós léir go bhfuil riachtanas leantach ann iarracht a dhéanamh dul i ngleic le dífhostaíocht an aosa óig sna réigiúin is mó atá faoina tionchar san Aontas, ba cheart Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) a chruthú. Leis an tionscnamh sin, ba cheart tacaíocht a thabhairt sna réigiúin sin don aos ó atá ar na daoine nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná in oiliúint (NEET), atá dífhostaithe nó neamhghníomhach, trí sheachadadh gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cistiú ó CSE a dhaingniú agus trí dhlús a chur leis. Ba cheart cistí breise a shannadh go sonrath don TFAO a bheidh comhionann le hinfheistíocht ó CSE. Trí dhírú ar dhaoine aonair de rogha ar struchtúir, ba cheart iarracht a dhéanamh leis an TFAO bearta eile de chuid CSE agus bearta eile náisiúnta atá spriocdhírthe ar NEET óga a chomhlánú chun an Rátháíocht don Aos Óg a chur chun feidhme<sup>1</sup>.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal (1):

*'Airteagal 1*  
**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo misean Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), lena n-áirítear an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, raon feidhme a chúnaimh, forálacha sonracha agus na cineálacha caiteachais atá incháilithe le haghaidh cúnaimh.'

(3) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1(a)(ii):'

- (ii) Daoine óga (idir 15 agus 24 bliain d'aois) nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná in oiliúint a chomhtháthú i margadh an tsaothair ar bhealach inbhuanaithe, i gcomhthéacs na Rátháíochta don Aos Óg go háirithe;'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal (5):

---

<sup>1</sup> Moladh ón gComhairle maidir le Rátháíocht don Aos Óga Bhunú, XXX

## *Airteagal 5*

### **Táscairí**

1. Bainfear úsáid as comhtháscairí de réir mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus as táscairí atá sonracha do na cláir i gcomhréir le hAirteagal 24(3) agus le hAirteagal 87(2)(b)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. [...]. Déanfar na táscairí uile a shloinneadh mar dhearbhuimhreacha.

Baineann comhtháscairí aschuir agus táscairí aschuir atá sonracha do na cláir le hoibríochtaí arna gcur i bhfeidhm go páirteach nó go hiomlán. Más ábhartha maidir le cineál na n-oibríochtaí lena dtacaítear, déanfar spriocluachanna cainníochtaithe carnacha a shocrú le haghaidh 2022. Socrófar táscairí bonnlíne ag nialas.

Baineann comhtháscairí torthaí agus táscairí torthaí atá sonracha do na cláir leis na haiseanna tosaíochta. Bainfidh táscairí bonnlíne úsáid as na sonraí is déanaí atá ar fáil. Socrófar spriocluachanna cainníochtaithe carnacha le haghaidh 2022.

- 1 bis. I dteannta mhír 1, déanfar táscairí mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid sna hoibríochtaí uile lena dtacaítear faoin tosaíocht infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(a)(ii). Beidh spriocluach cainníochtaithe carnach do 2022 agus bonnlíne nasctha le gach táscaire atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Agus na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme á dtarchur, tarchuirfidh an t-údarás bainistíochta sonraí leictreonacha maidir le gach tosaíocht infheistíochta freisin. Beidh an catagóiriú chomh maith leis na táscairí aschuir agus torthaí cumhdaithe faoi na sonraí sin.'

(5) cuirtear isteach Caibidil III bis mar a leanas:

## **'Caibidil III bis**

### **An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg**

#### *Airteagal 15 i*

#### **Cuspóir an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg**

Leis an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, tabharfar tacaíocht don chomhrac i gcoinne dhífhostaíochta an aosa óig i réigiúin incháilithe an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn IIIter a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. [RFT] trí bhíthin tacaíochta do bhearta faoi Airteagal 3 (1) (a) (ii) den Rialachán seo. Beidh sé dírithe ar gach duine óg (idir 15 agus 24 bliain d'aois) nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná in oiliúint, atá neamhghníomhach nó dífhostaithe (iad siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach san áireamh), bíodh siad cláraithe mar dhaoine atá ag lorg oibre nó ná bíodh.

Féadfaidh an Ballstát, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, cinneadh a dhéanamh méid teoranta nach mó ná 10 % de na cistí faoin TFAO a leithdháileadh ar dhaoine óga atá ina gcónaí i bhforéigiúin ina bhfuil ardleibhéil dífhostaíochta i measc an aosa óig agus atá lasmuigh de na réigiúin ar leibhéal NUTS 2.

*Airteagal 15ii*  
**Comhchruinniú téamúil**

Ní chuirfear an leithdháileadh sonrath don TFAO san áireamh agus an comhchruinniú téamúil dá dtagraítear in Airteagal 4 á ríomh.

*Airteagal 15 iii*  
**Clárú**

Tá an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg ina chuid dhílis de chlárú CSE faoi Airteagal 87 de Rialúchán (AE) Uimh. [RTF]. Más iomchuí, leagfaidh na Ballstáit amach na socruithe clárúcháin don TFAO sa chomhaontú comhpháirtíochta agus sa chlár Oibríochtúil.

Is féidir na socruithe sin a bheith i gceann nó i roinnt de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) clár oibríochta tiomanta;
- (b) ais tosaíochta thiomanta laistigh de chlár oibríochta;
- (c) cuid d'ais tosaíochta.

*Airteagal 15iv*  
**Faireachán agus meastóireacht**

1. I dteannta na bhforálacha atá leagtha síos in Airteagal 100 de Rialachán (AE) Uimh. [RTF], scrúdóidh an coiste faireacháin cur chun feidhme an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg uair amháin sa bhliain ar a laghad i gcomhthéacs an chláir agus an dul chun cinn atá tá déanta i dtreo a chuspóirí a bhaint amach.
2. Beidh faisnéis maidir le cur chun feidhme an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg sa Tuarascáil Bhliantúil Cur chun Feidhme agus sa Tuarascáil Deiridh dá dtagraítear in Airteagal 44(1)(2) de Rialachán (AE) Uimh. [RTF].
3. Tarchuirfidh an t-údarás bainistíochta go leictreonach sonraí struchtúrtha maidir le gach ais tosaíochta nó gach cuid d'ais tosaíochta lena dtacaítear an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg agus an Tuarascáil Bhliantúil Cur chun Feidhme dtagraítear in Airteagal 44(1)(2) de Rialachán (AE) Uimh. [RTF] á cur acu. Bainfidh na sonraí a tharchuirfear le luachanna do na táscairí atá leagtha amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus, más infheidhme, le táscairí atá sonrath do na cláir. Bainfidh siad le hoibríochtaí arna gcur chun feidhme go páirteach nó go hiomlán.
4. Beidh príomhthorthaí meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo lena measfar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg ar fáil sa tuarascáil bhliantúil cur chun feidhme dá dtagraítear in

Airteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. [RTF] agus sa tuarascáil deiridh.

5. Sna tuarascálacha dul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. [RTF], beidh faisnéis breise maidir leis an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg agus meastóireacht ar a chur chun feidhme.
6. Déanfar meastóireacht dhá uair ar a laghad le linn na tréimhse chlárúcháin ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na tacaíochta ó Chiste Sóisialta na hEorpa ón leithdháileadh sonracha don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg agus ó chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg.

#### *Airteagal 15 v*

#### **Bearta faisnéise agus poiblíochta**

1. Áiríteoidh na tairbhíthe go gcuirfear na daoine atá ag glacadh páirte san oibríocht ar an eolas faoin tacaíocht seo ón TFAO go sonracha.
2. Beidh ráiteas arb é a éirim gur tacaíodh leis an oibríocht faoin TFAO in aon doiciméad, lena n-áirítear deimhniú láithreachta nó deimhniú eile, a bhaineann le hoibríocht den chineál sin.

#### *Airteagal 15 vi*

#### **Cúnamh teicniúil**

Féadfaidh na Ballstáit an leithdháileadh sonracha don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg a chur isteach i ríomh an teorannaithe do mhéid iomlán na geistí a leithdháilfear ar chúnamh teicniúil ón Bhallstát.

#### *Airteagal 15 vii*

#### **Tacaíocht airgeadais**

1. Leis an gCinneadh ón gCoimisiún lena nglacfar clár oibríochtúil, socrófar an t-uasmhéid tacaíochta ó CSE agus ón leithdháileadh sonracha don TFAO do gach ais tosaíochta. Beidh an tacaíocht ó CSE comhionann ar a laghad leis an leithdháileadh sonracha don TFAO do gach ais tosaíochta.
2. Ar bhonn na méideanna dá dtagraítear i mír 1, socrófar leis an gCinneadh ón gCoimisiún an cóimheas idir CSE agus an leithdháileadh sonracha don TFAO.
3. I gcás ina gcuirtear an TFAO chun feidhme le hais tosaíochta shonracha lena gcumhdaítear réigiúin incháilithe as níos mó ná catagóir amháin, beidh feidhm ag an ráta cóimheasaithe is airde maidir le leithdháileadh CSE.

Ní bheidh an leithdháileadh sonracha don TFAO faoi réir an cheanglais náisiúnta chóimheasaithe.

Cuirfear ráta cóimheasaithe CSE chomh maith leis an leithdháileadh ar leith don tionscnamh san áireamh agus ráta foriomlán cóimheasaithe na haise tosaíochta arna

shocrú leis an gCinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.'

*Airteagal 15 viii*  
**Bainistiú airgeadais**

Chomh maith le forálacha Airteagal 120 de Rialachán (AE) Uimh. [RFT], i gcás ina n-aisíocfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha agus ina n-íocfaidh sé an t-iarmhéid deiridh don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg le hais tosaíochta, leithdháilfidh sé aisíocaíocht an AE idir CSE agus an leithdháileadh tiomanta don TFAO de réir an chóimheasa atá leagtha síos in Airteagal 15 vii (2).

(6) Cuirtear isteach Iarscríbhinn II mar a leanas:

**'Iarscríbhinn II**  
**Táscairí don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO)**

Tá na sonraí do na táscairí uile atá leagtha amach san Iarscríbhinn seo le soláthar sna tuarascálacha bliantúla cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 44(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. [RFT]. Déanfar na sonraí ar fad a mhiondealú de réir inscne.

Beidh feidhm ag na táscairí torthaí láithreacha seo a leanas:

- Rannpháirtithe dífhostaithe a fhaigheann tairiscint fostaíochta, oideachais leantaigh nó printíseachta nó cúrsa oiliúna faoi cheann 4 mhí i ndiaidh dóibh dul isteach in oibríocht an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg\*;
- Rannpháirtithe atá dífhostaithe go fadtéarmach a fhaigheann tairiscint fostaíochta, oideachais leantaigh nó printíseachta nó cúrsa oiliúna faoi cheann 4 mhí i ndiaidh dóibh dul isteach in oibríocht an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg\*;
- Rannpháirtithe neamhghníomhacha nach bhfuil páirteach in oideachas ná in oiliúint a fhaigheann tairiscint fostaíochta, oideachais leantaigh nó printíseachta nó cúrsa oiliúna faoi cheann 4 mhí i ndiaidh dóibh dul isteach in oibríocht an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg\*.

Beidh feidhm ag an táscaire torthaí fadtéarmacha seo a leanas:

- Rannpháirtithe in oideachas leantach, i gcúrsaí oiliúna a mbaintear cáilíocht amach ag a ndeireadh, i bprintíseacht nó i gcúrsa oiliúna 6 mhí i ndiaidh dóibh imeacht\*.

Le maolú ar Iarscríbhinn I, beidh sonraí i ndáil leis na táscairí torthaí níos fadtéarmaí le tuairisciú sna tuarascálacha bliantúla cur chun feidhme atá sonraithe in Airteagal 44(1) agus (2):

- Rannpháirtithe i bhfostaíocht 6 mhí tar éis dóibh imeacht\*
- Rannpháirtithe féinfhostaithe 6 mhí tar éis dóibh imeacht\*.'